# Tosaíochtaí Póilíneachta
2022-2024



An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# Réamhrá

## Tá ról ag an Údarás Póilíneachta de réir Acht an Gharda Síochána 2005 Alt 20(1a) chun tosaíochtaí an Gharda Síochána a dheimhniú nó chun athbhreithniú a dhéanamh air agus a fheidhmeanna maidir le Seirbhísí Póilíneachta á gcomhlíonadh aige.

Bunaítear sna Tosaíochtaí Póilíneachta an aird a mbíonn an tÚdarás Póilíneachta ag súil léi ón nGarda Síochána in aon tréimhse faoi leith. Cuidíonn na tosaíochtaí seo le Coimisinéir an Gharda Síochána réimsí a aithint ina mbíonn fócas breise de dhíth agus/nó infheistíocht acmhainní chun an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal a fheabhsú agus chun an Garda Síochána a fheabhsú mar eagraíocht. Is éard atá i gceist leis seo ná:

- Íospartaigh agus Daoine atá i mBaol a Chosaint agus Tacaíocht a thabhairt dóibh
- Tacaíocht agus Cinntiú Sábháilteacht Pobail
- Dul i nGleic le Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach
- Seachadadh Seirbhíse atá Eiticiúil agus Bunaithe ar Chearta
- Forbairt Acmhainní an Gharda Síochána a bhainistiú go straitéiseach

Tá na tosaíochtaí seo á leagan síos ag an Údarás ar feadh ré Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2022-2024 ach déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú orthu go bliantúil.

Tar éis athbhreithniú bliantúil a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2023, d'athbhreithnigh an tÚdarás na Tosaíochtaí chun go n-áireofaí leo trí thomhas ratha bhreise maidir le póilíneacht ar bhóithre agus maidir le sláinte agus folláine fórsa saothair. Tá na tomhais sin marcáilte le réiltín (*).

An tÚdarás Póilíneachta
Policing Authority

# **Tosaíochtaí Póilíneachta** 2022-2024

## Íospartaigh agus Daoine atá i mBaol a Chosaint agus Tacú leo

Seirbhís phóilíneachta a chur ar fáil d'íospartaigh ó choireacht ghnéis, drochide sa teaghlach agus rialú comhéigneach, atá dírithe ar íospartaigh, eolas ar thráma, éifeachtach maidir leis na coireanna seo a chosc agus a bhrath, a dheimhníonn cearta daonna, agus a bhfuil muinín ag íospartaigh iontu.

### Príomhréimsí:

- Coireacht Ghnéis
- Drochide sa teaghlach
- Rialú Comhéigneach
- Seirbhísí d'Íospartaigh

### Déanfar an rath a thomhas tríd an méid seo a leanas:

- Tuairisciú agus brath méadaithe ar choireacht ghnéis, ar drochide sa teaghlach agus ar rialú comhéigneach
- Na moltaí ó thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Dhrochúsáid Ghnéis Leanaí a chur i bhfeidhm
- Freagairt na heagraíochta ar drochide sa teaghlach a choinneáil chun leibhéil rannpháirtíochta íospartaigh, measúnuithe riosca íospartach agus rannpháirtíocht le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí comhpháirtíochta a bheith san áireamh
- Cumas méadaithe ar chibearchoireacht a mheas as a dtagann braite níos airde ar dhúshaothrú gnéasach leanaí
- Moltaí an phróisis athbhreithnithe CAD/999 a chur i bhfeidhm
- Comhdhlúthú ar oibriú na nAonad Seirbhísí Cosanta Rannáin
- Feidhmiú céimneach agus athbhreithniú ar an Uirlis Mheasúnaithe Riosca um drochide sa teaghlach do gach ball

# Ag Tacú le Sábháilteacht Phobail agus í a Chinntiú

Iompar frithshóisialta, coireacht, agus ceisteanna a bhaineann le cáilíocht na beatha do phobail a thuiscint agus freagairt dóibh. Tabhairt fúthu seo i gcomhar lena chomhpháirtithe ar bhealach a chuirfidh cosc ar an gcoireacht, a dhéanann imeagla a laghdú, agus a thugann cáilíocht bheatha níos fearr do phobail.

## Príomhréimsí:

- Iompar frithshóisialta
- Rannpháirtíocht Pobail
- Infheictheacht an Gharda Síochána
- Coir fuatha

## Déanfar an rath a thomhas tríd an méid seo a leanas:

- Creat Póilíneachta an Chomhphobail a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an éifeachtúlacht agus ar an tionchar atá aige
- Déanann póilíneacht i gcomhpháirt leis an bpobal leis an bhfoghlaim agus coinníonn sí an cur chuige agus an cineál teagmhála a baineadh amach le linn na tréimhse COVID-19
- Eagla roimh choireacht a bheith níos ísle agus níos mó muiníne as an bhfreagra póilíneachta ar choireacht
- Oibriú idirghníomhaireachta neartaithe ag an leibhéal straitéiseach náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil mar a cuireadh in iúl trí rannpháirtíocht gheallsealbhóirí an Údaráis le heagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí pobail agus comhlachtaí reachtúla.
- Rannpháirtíocht dhearfach agus Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobal a bhunú agus a thosú
- Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm
- Leanúint ar aghaidh leis na Fóraim Rannán Éagsúlachta a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus an Fóram Náisiúnta Ilchineálachta a éascú.
- Méadú ar thuairisciú agus ar bhrath coireanna fuatha
- Feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre i gcomhar le comhpháirtithe trí theicneolaíochtaí nua a sholáthar, trí fheasacht an phobail agus oideachas, agus trí chomhroinnt faisnéise a mhéadú*.
- Cur chuige straitéiseach agus oibríochtúil a léiriú i leith gníomhaíocht póilíneachta ar bhóithre, lena n-áirítear forfheidhmiú, ar cur chuige é atá fianaisebhunaithe agus comhsheasmhach agus lena bhfreagraítear do threochtaí áitiúla agus náisiúnta*.

# Dul i nGleic le Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach

Cosc a chur ar ghníomhaíochtaí coirpeach eagraithe agus cur isteach orthu, lena n-áirítear gníomhaíochtaí líonraí idirnáisiúnta atá i mbun na coireachta ar bhonn náisiúnta agus trasnáisiúnta agus an tionchar atá acu ar an bpobal a laghdú.

## Príomhréimsí:

- Coireacht Eagraithe
- Coiriúlacht Eacnamaíoch
- Cibearchoireacht

## Déanfar an rath a thomhas tríd an méid seo a leanas:

- Cur isteach ar Choireacht Eagraithe mar is léir ó chaomhnú na beatha, urghabháil arm, drugaí agus sócmhainní agus ciontuithe rathúla
- Ag leibhéal an phobail, táthar ag cur isteach níos mó ar iarrachtaí ó choirpigh eagraithe daoine óga a mhealladh i dtreo na coiriúlachta imeaglú drugaí.
- Acmhainn mhéadaithe chun cibearchoireacht a chosc agus freagairt a thabhairt uirthi lena n-áirítear laghdú ar an riaráiste d'fheistí TFC a gabhadh as a dtiocfaidh breis braite agus ciontuithe.
- Cumas méadaithe chun éilliú, calaois agus cineálacha eile coireachta eacnamaíoch a chosc agus freagairt dóibh.

# Seirbhís Eiticiúil agus Seirbhís atá Bunaithe ar Chearta a Sholáthar

Seirbhís phóilíneachta a sholáthar ar dhóigh a chinntíonn go bpléitear leo siúd uile a thagann i dteagmháil leis an nGarda Síochána ar bhealach a léiríonn tuiscint, a léiríonn meas agus a chuimsíonn éagsúlacht; a údaraíonn agus a chosnaíonn a gcearta daonna; i gcomhréir leis an gCód Eitice; agus, tá sé dírithe ar Mhúnla Cinnteoireachta an Gharda Síochána.

## Príomhréimsí:

- Cearta daonna
- Cód Eitice
- Frith-éillithe
- Cultúr
- Éagsúlacht

## Déanfar an rath a thomhas tríd an méid seo a leanas:

- Cearta an duine, an Cód Eitice agus an tSamhail Chinnteoireachta a leabú i ngach feidhm phleanála straitéiseach agus seachadta seirbhíse.
- A mhéid a chreideann an pobal faoin dóigh a gcaithfeadh an Garda Síochána leo féin agus le gach ball den Chomhphobal go cothrom
- An tSamhail Chinnteoireachta a chur i bhfeidhm go rathúil, lena n-áirítear oiliúint a chur ar gach ball faoin dóigh leis an tSamhail Chinnteoireachta a úsáid
- Tá gach beartas atá ann cheana féin agus beartais nua faofa ó thaobh cearta daonna de, lena n-áirítear aon bheartas a bhfuil baint aige le húsáid teicneolaíochtaí nua don phóilíneacht.
- Níos mó sonraí agus faisnéis a bheith foilsithe ag an nGarda Síochána de réir a chéile, m.sh. maidir leis an úsáid a bhaineann sé as forneart agus an úsáid a bhaineann sé as aon chumhachtaí eisceachtúla.
- Cumas agus córais eagraíochtúla a fhorbairt chun sonraí agus faisnéis a fhoilsiú, a cheistiú agus freagairt dóibh a thaispeánann a mhéid atá an phóilíneacht cothrom, neamhchlaonta agus neamh-idirdhealaitheach.
- Éagsúlacht mhéadaithe laistigh d'fhórsa saothair an Gharda Síochána
- Feabhas dearfach ar an eispéireas beo ar phóilíneacht laistigh de phobail
- Forbairt a dhéanamh ar an aonad frith-éillithe agus réimeas tástála meisciúla agus próiseas grinnfhiosrúcháin inmheánach a chur i bhfeidhm.
- Léiríonn torthaí an Iniúchta Cultúir athrú cultúrtha dearfach

# Forbairt ar an gcumas chun acmhainní an Gharda Síochána a bhainistiú go straitéiseach

A chinntiú go ndéantar acmhainní – airgeadas, TFC agus sócmhainní caipitil – a bhainistiú agus a leithdháileadh mar is cuí agus go straitéiseach chun tacú le Comhaltaí an Gharda Síochána, Foireann an Gharda Síochána agus Cúltaca an Gharda Síochána.

A chinntiú go bhfuil an oiliúint agus traenáil cheart ag an lucht saothair seo agus go mbainistítear í agus go dtacaítear léi go cuí chun seirbhís a sholáthar a fhreagraíonn do thimpeallacht agus do riachtanais an phobail maidir le coireacht.

## Príomhréimsí:

- Múnla Oibriúcháin
- Acmhainní Daonna agus Forbairt Ghairmiúil
- Faisnéis agus teicneolaíocht
- Airgeadas
- Eastát an Gharda Síochána

## Déanfar an rath a thomhas trí an méid seo a leanas:

- Plean straitéiseach fórsa saothair aontaithe ag an bhfoireann cheannaireachta agus é a chur i bhfeidhm
- Múnla Oibriúcháin a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus é a bheith ag feidhmiú go comhsheasmhach agus go héifeachtach ar fud na tíre
- Cumas airgeadais méadaithe a cheadaíonn faisnéis mhionsonraithe maidir le bainistíocht airgeadais agus anailís chun cur le cinnteoireacht
- Straitéis eastáit chuimsitheach aontaithe ag an bhfoireann cheannaireachta agus é a bheith curtha i bhfeidhm i gcomhar le comhpháirtithe reachtúla
- Córas bainistíochta feidhmíochta curtha i bhfeidhm do gach ball den fhórsa saothair le fianaise ar rannpháirtíocht ghníomhach
- Cumas inmheánach méadaithe a bheith ann chun bonneagar agus seirbhís sláinte agus folláine a sholáthar atá rioscabhunaithe agus cuí agus lena dtacaítear le fórsa saothair an Gharda Síochána*.
- Straitéis chuimsitheach oiliúna curtha i bhfeidhm leis na struchtúir riachtanacha sheachadta
- Tugann tuairisciú rialachais muinín go gcuirtear próisis agus beartais i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud na heagraíochta

An tÚdarás Póilíneachta | Policing Authority
4th Floor, 90 King Street North,
Dublin 7, D07 N7CV

**P** +353 (01) 858 9041
**E** info@policingauthority.ie
**W** policingauthority.ie

AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY